Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/282

26.1.2026

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 2 Deireadh Fómhair 2025 – Bundesverband der Verbraucherzentralen und Verbraucherverbände – Verbraucherzentrale Bundesverband e. V. v Meta Platforms Ireland Limited**

**(Cás C-643/25, Verbraucherzentrale Bundesverband)**

(C/2026/282)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir agus achomharcóir ar phointe dlí:* Bundesverband der Verbraucherzentralen und Verbraucherverbände – Verbraucherzentrale Bundesverband e. V.

*Cosantóir agus freagróir san achomharc ar phointe dlí:* Meta Platforms Ireland Limited

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcumhdaítear nochtadh sonraí pearsanta agus toiliú lena n-úsáid chun críoch tráchtála leis an téarma 'costas' de réir bhrí phointe 20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/29/CE, ([1]) i gcomhar le hAirteagal 5(5) di?

([1]) Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha) (IO 2005 L 149, lch. 22).